# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
| --- |
| |

| Stampa an Ionaid |
| --- |
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2015***

# *Gaeilge Bonnleibhéal*

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

360 MARC

**Dé Luain**
**8 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

| *Don Scrúdaitheoir* | |
| --- | --- |
| **CLUASTUISCINT** | |
| **CEIST** | **MARC** |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **Iomlán** | |

| *Don Scrúdaitheoir* | |
| --- | --- |
| **CEIST** | **MARC** |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| – | – |
| **IOMLÁN (1-5)** | |
| **CT** | |
| **MÓRIOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post atá ag Áine?










**Ceist 1 (b)** Cén t-am a théann Áine abhaile gach lá?

| | |
|---|---|
| Ar a haon a chlog | |
| Ar a seacht a chlog | |
| Ar a deich a chlog | |

**Ceist 2 (a)** Cén spórt a imríonn Cian?




**Ceist 2 (b)** Cén áit a bhfuil Cian ag obair faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Dún Dealgan | |
| Béal Feirste | |
| Muineachán | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an bhean ag dul?














**Ceist 4** Cá bhfuil Siopa na Ríomhairí? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)





**Ceist 5 (a)** Conas a bheidh an aimsir amárach?






**Ceist 5 (b)** Cá stopfaidh na rothaithe le haghaidh lóin?

| | |
|---|---|
| Ar an gCeathrú Rua | |
| I nGaillimh | |
| Sa Spidéal | |

**Ceist 6 (a)** Cén fáth a raibh an príomhoide ar buile le Cáit?

| | |
|---|---|
| Bhí sí déanach inné | |
| Bhí sí ina suí go dtí meán oíche | |
| Ní dhearna sí an obair bhaile | |

**Ceist 6 (b)** Cén obair bhaile nach bhfuil déanta ag an mbeirt acu ar maidin?

| | |
|---|---|
| Béarla | |
| Matamaitic | |
| Stair | |

**Ceist 7 (a)** Cad a tharla do ghluaisrothar Bhriain?

| | |
|---|---|
| Goideadh é | |
| Dhíol sé é | |
| Scriosadh é | |

**Ceist 7 (b)** Cén post a bheidh ag Brian i Londain ón Luan seo chugainn?

| | |
|---|---|
| Post i siopa crua-earraí | |
| Post ar láithreán tógála | |
| Post in ionad spóirt | |

**Ceist 8 (a)** Cá mbeidh Orlaith ag dul i mí Dheireadh Fómhair?

| | |
|---|---|
| Ar an meánscoil | |
| Ar an Institiúid Teicneolaíochta | |
| Ar an ollscoil | |

**Ceist 8 (b)** Cén fáth a bhfuil Orlaith buartha faoi Chóisir na *Debs*?

| | |
|---|---|
| Níl páirtí aici | |
| Níl gúna aici | |
| Níl ticéid aici | |

**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**


FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

| | |
|---|---|
| **1.** | **Coimeád an trá glan**<br>***Úsáid na boscaí bruscair*** |
| **2.** | **Ceoláras Loch Garman**<br>Ceoldráma Anocht<br>"Romeo agus Juliet" |
| **3.** | Réamhaisnéis na hAimsire<br>"An Aimsir Láithreach"<br>Gach lá ar TG4 |
| **4.** | **Géill Slí**<br>*Timpeallán Romhat* |
| **5.** | Cluiche Rugbaí - Staid Aviva<br>Éire v An Astráil<br>Dé Sathairn, 5 Samhain |
| **6.** | Bád Farantóireachta<br>€3.50 an duine<br>Ceannaigh Ticéad<br>Roimh dhul ar bord |
| **7.** | "Spáráil Uisce"<br>Ná fág an sconna ar siúl |
| **8.** | **Banc na Scoile**<br>**Ar oscailt: 1.00 - 1.30 p.m.**<br>**Gach Céadaoin** |
| **9.** | **Bialann Iodálach**<br>Píotsa agus Pasta den scoth<br>Ar oscailt 5.30 – 11.00 p.m. |
| **10.** | **Fón póca caillte**<br>Dath dubh air<br>Glaoigh ar 089-135842 |

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

93 Bóthar an Mhuilinn,
An Ros,
Co. Shligigh.

27 Aibreán, 2014.

An Bainisteoir,
Óstán an Chnoic,
Bun Dobhráin,
Co. Dhún na nGall.

A Bhainisteoir, a chara,

Léigh mé sa nuachtán Dé hAoine seo caite go raibh doirseoir, freastalaí agus fáilteoir ag teastáil san óstán. Ba mhaith liom iarratas a chur isteach ar an bpost mar fháilteoir.

Tá mé ceithre bliana is fiche d'aois. Rinne mé an Ardteistiméireacht sa bhliain 2008. Fuair mé Grád A sa Bhéarla, Grád B sa Ghaeilge agus sa Fhraincis agus grád C sa Ghnó. Rinne mé cúrsa traenála mar Fháilteoir Óstáin sa choláiste i nGaillimh. Ina dhiaidh sin, chaith mé trí bliana ag obair in óstáin sa Fhrainc. D'fhill mé abhaile ag tús na bliana chun socrú síos sa tír seo.

Is duine cairdiúil mé agus réitím go maith le daoine. Tá Fraincis líofa agam. Tá scileanna ríomhaireachta agam agus taithí mhaith agam ar bheith ag obair mar fháilteoir. Istigh leis an litir seo, tá teastais oibre ó na hóstáin thar lear ina raibh mé ag obair, agus grianghraf díom féin. Beidh mé ábalta freastal ar agallamh leat am ar bith. Tá mo charr féin agam agus níl an t-óstán ach cúpla ciliméadar uaim.

Tá mé ag tnúth go mór le cloisteáil uait.

Is mise,
Eoin de Róiste

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Óstán an Chnoic?

| | |
|---|---|
| Co. Dhún na nGall | |
| Co. na Gaillimhe | |
| Co. Shligigh | |

**2.** Cén post a theastaíonn ó Eoin?

| | |
|---|---|
| Doirseoir | |
| Freastalaí | |
| Fáilteoir | |

**3.** Cén grád a fuair Eoin sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |


**4.** Cé mhéad bliain a chaith Eoin ag obair sa Fhrainc?

| | |
|---|---|
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |

**5.** Cad atá ag Eoin ó na hóstáin thar lear?

| | |
|---|---|
| Grianghraf | |
| Teastas tiomána | |
| Teastais oibre | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

# Slí an Atlantaigh Fhiáin



Ná himigh thar lear an samhradh seo go dtí an Mhór-Roinn ná go Meiriceá. Fan anseo in Éirinn agus bain sult as an mbealach cósta is fiáine san Eoraip – "Slí an Atlantaigh Fhiáin". Tá an bóthar cósta seo dhá mhíle, cúig chéad ciliméadar ar fad. Tosaíonn sé ó thuaidh i gCathair Dhoire. Síneann sé siar ó dheas timpeall chósta an iarthair. Gabhann sé trí naoi gcontae. Críochnaíonn sé sa deisceart i gCionn tSáile ar chósta Chorcaí.

Tosaigh áit ar bith ar an mbealach agus láithreach, feicfidh tú áilleacht fhiáin an chósta. Feicfidh tú aillte iontacha, áiteanna stairiúla agus beidh áthas ar do chroí gach oíche nuair a fheicfidh tú an ghrian ag dul faoi i bhfarraige an Atlantaigh. Tá aip speisialta ar fáil saor in aisce a thabharfaidh eolas duit faoi na rudaí suimiúla atá le feiceáil ar feadh na slí ar fad.

Bíonn imeachtaí de gach saghas ar siúl. Bíonn seoltóireacht ar chósta Mhaigh Eo, surfáil ar chósta Chontae an Chláir, agus galf i mBaile an Bhuinneánaigh. Is féidir turas báid a dhéanamh go dtí na hoileáin atá scaipthe timpeall an chósta. Tóg bád agus caith an lá ar an mBlascaod Mór, mar shampla. Caith an oíche sa Daingean agus tabhair cuairt ar na bialanna breátha, agus éist leis an gceol traidisiúnta sna tithe tábhairne ann.

***Bain triail as "Slí an Atlantaigh Fhiáin" an samhradh seo.***

**Ceisteanna**

**1.** Cén áit a bhfuil "Slí an Atlantaigh Fhiáin"?

| | |
|---|---|
| I Meiriceá | |
| In Éirinn | |
| Ar an Mór-Roinn | |

**2.** Gabhann "Slí an Atlantaigh Fhiáin" trí ...

| | |
|---|---|
| 2 chontae | |
| 5 chontae | |
| 9 gcontae | |

**3.** Cad a chuirfidh áthas ar do chroí gach oíche?

| | |
|---|---|
| Áilleacht an chósta | |
| Áiteanna stairiúla | |
| An ghrian ag dul faoi | |

**4.** Cad a bhíonn ar siúl ar chósta Mhaigh Eo?

| | |
|---|---|
| Seoltóireacht | |
| Galf | |
| Surfáil | |

**5.** Cá mbeidh an ceol traidisiúnta le cloisteáil?

| | |
|---|---|
| Sna bialanna | |
| Sna tithe tábhairne | |
| Ar an mbád | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

## In Am an Ghátair ...

Ba mhaith an rud é gur shocraigh an bheirt scoláirí, Muiris Ó Broin agus a dheirfiúr, Emer, dul abhaile ón scoil ag am lóin Dé Máirt seo caite. Ar a mbealach isteach sa teach, chonaic siad Pól, an chomharsa bhéal dorais, ag obair ar a theach. Bhí sé ina sheasamh ar bharr dréimire ag péinteáil. Bhí a mhadra, Bran, ina luí go ciúin sa ghairdín.



Bhí Emer ag déanamh ceapairí sa chistin nuair a chuala sí an madra ag tafann. Níor thug sí aird ar bith air ar dtús ach lean an madra air ag tafann. D'fhéach Emer amach agus baineadh geit cheart aisti. Ghlaoigh sí ar Mhuiris. Bhí Pól bocht sínte ar chúl a dhroma sa ghairdín. Ní raibh sé ag corraí. Bhí sé tar éis titim anuas den dréimire. Bhrostaigh Muiris amach go tapa agus Emer ina dhiaidh. Bhí Pól bocht gan aithne gan urlabhra. Bhí cúl a chinn ag doirteadh fola. D'fhill Emer ar an teach agus fuair sí bindealán. Ghlaoigh Muiris ar otharcharr. Ansin chuir Muiris an dréimire i leataobh. D'fhág siad Pól bocht san áit ina raibh sé agus chuir Emer an bindealán ar a cheann. Níor tháinig an t-otharcharr go ceann fiche nóiméad agus níor chorraigh Pól in aon chor.

Tugadh Pól bocht díreach go dtí an t-ospidéal. Tá sé ann faoi láthair. Bhris sé a chos chlé agus ghortaigh sé a dhroim go dona.

Thug Muiris agus Emer cuairt ar Phól san ospidéal aréir. Ghabh sé buíochas leo as an gcabhair a thug siad dó. "Bhí sibh ann in am an ghátair," a dúirt sé. Bhí Muiris agus Emer sona sásta leo féin.

**Ceisteanna**

**1.** Cá ndeachaigh Muiris agus Emer ag am lóin Dé Máirt seo caite?

| | |
|---|---|
| Ar ais ar scoil | |
| Abhaile ón scoil | |
| Suas dréimire | |

**2.** Cá raibh Pól ina sheasamh?

| | |
|---|---|
| Ag an doras | |
| Sa ghairdín | |
| Ar bharr dréimire | |

**3.** Cad a chuala Emer agus í sa chistin?

| | |
|---|---|
| Pól ag titim | |
| Madra ag tafann | |
| Muiris ag caint | |

**4.** Cé a fuair an bindealán ón teach?

| | |
|---|---|
| Emer | |
| Pól | |
| Muiris | |

**5.** Cén áit a bhfuil Pól faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Sa teach | |
| Sa scoil | |
| San ospidéal | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Clú agus Cáil ar fud an Domhain



Ní réalta phopcheoil í, ní mainicín idirnáisiúnta í ach tá clú agus cáil ar Katie Taylor mar dhornálaí ar fud an domhain. Tá muintir na hÉireann an-bhródúil as na gaiscí iontacha atá déanta ag Katie i gcró na dornálaíochta. Ní raibh sí ach ocht mbliana déag d'aois nuair a bhuaigh sí Craobhchomórtas na hEorpa den chéad uair in 2005. Sa bhliain 2012, bhí Éire uile bródúil as Katie nuair a bhuaigh sí bonn óir sa dornálaíocht sna cluichí Oilimpeacha i Londain. Anuraidh, bhuaigh sí a cúigiú bonn óir i gCraobhchomórtas an Domhain.

Bhí suim ag Katie sa spórt riamh anall. D'imir sí peil Ghaelach agus camógaíocht nuair a bhí sí ag fás aníos i mBré, Co. Chill Mhantáin. D'imir sí ar fhoireann idirnáisiúnta sacair na hÉireann. Bheartaigh sí dul leis an dornálaíocht sa deireadh, áfach.

Is duine inspioráideach í Katie. Spreagann sí daoine óga a bheith páirteach i gcúrsaí spóirt. Scríobh sí leabhar dar teideal *My Olympic Dream* tar éis na gCluichí Oilimpeacha. Insíonn sí dúinn sa leabhar faoin mbród mór a mhothaigh sí nuair a bhuaigh sí an bonn Oilimpeach. Tá creideamh láidir aici agus nuair a bhíonn sí neirbhíseach roimh throid, deir sí paidreacha nó léann sí véarsaí speisialta ón mBíobla.

Nuair a bhíonn am saor ag Katie, téann sí chuig an bpictiúrlann nó chuig bialann lena cairde. Ní maith léi clubanna oíche. Tá súil ag muintir na hÉireann go mbuafaidh Katie bonn óir eile an bhliain seo chugainn sna cluichí Oilimpeacha in Rio de Janeiro.

**Ceisteanna**

**1.** Tá clú agus cáil ar Katie Taylor ...

| | |
|---|---|
| Mar réalta phopcheoil | |
| Mar mhainicín | |
| Mar dhornálaí | |

**2.** Cad a bhuaigh Katie sa bhliain 2012?

| | |
|---|---|
| Bonn airgid | |
| Bonn Oilimpeach | |
| Bonn Eorpach | |

**3.** Cén spórt a d'imir Katie le foireann idirnáisiúnta na hÉireann?

| | |
|---|---|
| Sacar | |
| Camógaíocht | |
| Peil Ghaelach | |

**4.** Cad a scríobh Katie tar éis na gCluichí Oilimpeacha?

| | |
|---|---|
| Véarsaí | |
| Leabhar | |
| Paidreacha | |

**5.** Cad a dhéanann Katie nuair a bhíonn am saor aici?

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Ard-Oifig an Phoist



Is iomaí áit i mBaile Átha Cliath a bhíonn cuairteoirí ag iarraidh a fheiceáil. Ina measc, tá Páirc an Fhionnuisce ar imeall na cathrach agus Coláiste na Tríonóide ar Fhaiche an Choláiste. Ach thar aon áit eile, téann a lán daoine ar cuairt chuig Ard-Oifig an Phoist ar Shráid Uí Chonaill.

Is í Ard-Oifig an Phoist ceanncheathrú na seirbhíse poist in Éirinn. Is féidir stampaí poist a cheannach ann, litreacha a chur sa phost nó airgead a shábháil i gcuntas ann. Tá stair spéisiúil ag an bhfoirgneamh seo. Leagadh an bhunchloch sa bhliain 1814 agus osclaíodh don phobal é sa bhliain 1818. Chosain sé thart ar €65,000. Bhíodh árasáin thuas staighre do na hoibrithe. Bhíodh stáblaí agus capaill ar chúl an fhoirgnimh.

B'áit thábhachtach í Ard-Oifig an Phoist i rith Éirí Amach na Cásca i 1916. Léigh Pádraig Mac Piarais amach Forógra na Poblachta ag doras Ard-Oifig an Phoist ar Luan Cásca 1916 agus cuireadh Bratach na hÉireann in airde ar an bhfoirgneamh. Rinneadh a lán damáiste don fhoirgneamh ag an am sin. Níor fágadh ach na ballaí.

Tógadh Ard-Oifig an Phoist arís agus athosclaíodh í sa bhliain 1929. Osclófar ionad staire nua in Ard-Oifig an Phoist in 2016 mar chuid de chomóradh an Éirí Amach.

**Ceisteanna**

**1.** Cén áit sa chathair a bhfuil Ard-Oifig an Phoist?

| | |
|---|---|
| Faiche an Choláiste | |
| Imeall na cathrach | |
| Sráid Uí Chonaill | |

**2.** Cad is féidir a cheannach in Ard-Oifig an Phoist?

| | |
|---|---|
| Litreacha | |
| Stampaí poist | |
| Cuntas | |

**3.** Cad a bhíodh thuas staighre do na hoibrithe?

| | |
|---|---|
| Árasáin | |
| Capaill | |
| Stáblaí | |

**4.** Cad a cuireadh in airde ar an bhfoirgneamh ar Luan Cásca 1916?


________________________________________

**5.** Cathain a osclófar an t-ionad staire nua in Ard-Oifig an Phoist?


| | |
|---|---|
| 1916 | |
| 1929 | |
| 2016 | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

## An tEarrach



Tá an Geimhreadh gruama thart anois
Is an tEarrach ag filleadh go réidh,
Séasúr an dóchais buailte linn
Is na héin ag canadh go binn.



Éiríonn an ghrian níos luaithe anois -
Bíonn bláthanna buí san fhéar,
Ba ag iníor i bpáirceanna glasa
Is uain ag pocléimneach san aer.



Tá teas na gréine ag méadú gach lá
Is cluichí á n-imirt le spraoi,
Áthas arís ar gach ní beo
Is dóchas ag líonadh mo chroí.

**Ceisteanna**

**1.** Cén séasúr gruama atá thart anois?

| | |
|---|---|
| An tEarrach | |
| An Geimhreadh | |
| Séasúr an dóchais | |

**2.** Cad a bhíonn ar siúl ag na héin?

| | |
|---|---|
| Ag éirí | |
| Ag filleadh | |
| Ag canadh | |

**3.** Cad a éiríonn níos luaithe anois?

| | |
|---|---|
| An ghrian | |
| Na ba | |
| Na bláthanna | |

**4.** Cad a dhéanann na huain? Bíonn siad ...

| | |
|---|---|
| Ag iníor | |
| Ag rince | |
| Ag pocléimneach | |

**5.** Cad a bhíonn ar gach ní beo?

___

# Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)


Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**


**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.










| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud a bheidh ar siúl?<br>Cén áit a mbeidh sé? | Cén lá? Dáta? Am?<br>Cead isteach? | Cén t-aoi speisialta? | Cá rachaidh an t-airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

## FÓGRA

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.




Tá tú ag obair san aerfort an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint dó / di:

| | |
|---|---|
| - Faoin **aerfort** (pointe **amháin** eolais) | Pictiúr 1 |
| - Faoi na **daoine** a fheiceann tú san aerfort (**dhá** phointe eolais) | Pictiúr 2 |
| - Faoin **obair** a dhéanann tú san aerfort (**trí** phointe eolais) | Pictiúr 3 |
| - Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn **lá saor** agat (**dhá** phointe eolais) | Pictiúr 4 |

**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir: seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.**

## LITIR


**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú ag **Cluiche Mór** i bPáirc an Chrócaigh an samhradh seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin gcluiche mór sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Cluiche Mór




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú ag dul go dtí an amharclann le do chara.
Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| Bialann<br>Ticéid sa phóca | Ag fágáil<br>Thit na ticéid | "Cá bhfuil na ticéid?"<br>An freastalaí | In am<br>Os comhair an stáitse |

## EACHTRA A THARLA

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán